



Trinity College Dublin

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath


The University of Dublin

Roinn na Gaeilge

**An Cúrsa Comhchéime Onórach sa
Ghaeilge**

**Lámhleabhar
Bhliain a 4
2024–2025**

Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí & na gCultúr
Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí
agus na nEolaíochtaí Sóisialta



ROINN NA GAEILGE 2024-2025

FOIREANN NA ROINNE

Ollamh na Gaeilge	Folamh	
Ollamh na Luath-Ghaeilge	An t-Ollamh (Emeritus) Damian McManus (éirithe as)	
Léachtóirí	An Dr Eoin Mac Cárthaigh (Ceann Roinne)	Seomra 4061
	An Dr Mícheál Hoyne	Seomra 4059
	An Dr Deirdre Nic Chárthaigh	Seomra 4060
	An Dr Pádraig de Paor	Seomra 4062
	An Dr Christina Cleary	Seomra 4060
Léachtóirí Páirtaimseartha	Máire Ní Bháin	f/ch Seomra 4055
	Seán Mac Cathail Riabhaigh	
	Áine Ní Ghlinn	
	An Dr Jürgen Uhlich	Seomra 4056
Teagascóirí	Brianán Ní Bhuachalla Ciara Ní Mhurchú Emmet de Barra	
Riarthóir	Caoimhe ní Bhraonáin Foireann riarthóirí Scoil na dTeangacha	Seomra 4055 Seomra 5080

Gheobhaidh tú eolas iomlán faoi Roinn na Gaeilge agus faoinár gcúrsaí ó Riarthóir na Roinne. Tá eolas faoin Roinn le fáil freisin ar láthair Cholaíste na Tríonóide ar an idirlíon: www.tcd.ie/Irish

Comhordaitheoirí

Comhchéim Onóracha (TJH)	Pádraig de Paor	depaorp@tcd.ie
Céim Aononóracha (Luath- agus Nua-Ghaeilge)	Mícheál Hoyne	mhoyne@tcd.ie
Ríomhaireacht le Teanga / Léann na hEorpa	Eoin Mac Cárthaigh	emaccart@tcd.ie
Erasmus (isteach agus amach)	Deirdre Nic Chárthaigh	dnicchar@tcd.ie

Ar ndóigh, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Riarthóir nó le comhordaitheoir an mhodúil má bhaineann do cheist le modúl ar leith.

Uimhir theileafóin Riarthóir na Roinne: (896)1450, r-Phost: nibhraoc@tcd.ie

NB: Tá lárnú déanta ar an bhfoireann riaracháin agus, mura mbíonn Caoimhe i 4055, tá teacht ar an bhfoireann i Seomra 5080 agus trí rphost chuig undergraduate.slcs@tcd.ie (nó timetables.slcs@tcd.ie más ceist clár ama atá agat). Féadfaidh tú scríobh as Gaeilge i gcónaí.

NUA-GHAEILGE - CÚRSA AN CEATHRÚ BLIAIN

AN CLÁR TEAGAIS

Nóta: Tá an modúl IRU4440Y (Ceapadóireacht) éigeantach. Tá rogha ag mic léinn IRU44CPY (an tráchtas) a dhéanamh sa Ghaeilge nó san ábhar eile agus modúil roghnacha an chuid eile. Ní mór daoibh 1 nó 3 mhodúl a roghnú do gach téarma ag brath ar an gconair. Sa chás nach bhfuil téacs luaite, beidh seachadadh clóscríofa ar fáil, agus ainmneofar téacsanna sa rang.

Tá gach eolas ar gach modúl san Eolaire: https://www.tcd.ie/Irish/assets/pdf/Eolaire_2022_23.pdf

MODÚL ÉIGEANTACH

IRU4440Y Ceapadóireacht (10 ECTS, 2 u/ch sa tseachtain, Bliain Iomlán)

Léachtóir: Eoin Mac Cárthaigh.

Measúnú: 60% scrúdú scríofa (3 u/ch), 10% obair bhaile, 30% scrúdú béil

MODÚIL ROGHNACHA

IRU44CPY Tráchtas (20 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 2) (Eolas ar lch. 9)

Léachtóir: Pádraig de Paor. **Stiúrthóirí** le socrú ag na mic léinn. **Measúnú:** 100% Tráchtas. (Sprioc 24.3.2025)

IRU44421 Scríbhneoireacht Chruithaitheach (5 ECTS):

Tá féith na scríbhneoireachta ionainn ar fad ach teacht uirthi agus í a fhorbairt. Cén duine is fearr leis an gCadhach nó an Caitlín Maude ionat a aimsiú ná an file agus scríbhneoir Áine Ní Ghlinn? Bainfidh tú taitneamh agus tairbhe as an gcúrsa cairdiúil réchúiseach seo. Agus cá bhfios cé na mórshaothair a thiocfaidh as? **TEAGASC: Seimineár 2 u/ch gach coicís.**

MEASÚNÚ: Measúnú leanúnach (Dhá phíos le scríobh, ceann i lár an téarma agus ceann ag deireadh an téarma. (50% & 50%).

Léachtóir: Áine Ní Ghlinn

IRU44411 Gaeilge na hAlban (5 ECTS):

Má bhain tú taitneamh as an nGàidhlig sa dara bliain agus sa tríú bliain, seo do sheans le barr feabhais a chur ar do chumas inti. Beidh béim ar leith ar an teanga labhartha i mbliana. Bidh thu fileanta! **TEAGASC: Léacht 1 u/ch gach seachtain.**

MEASÚNÚ: Measúnú leanúnach, físeán gearr, scrúdú (1 u/ch) ag deireadh an téarma.

Léachtóir: Eoin Mac Cárthaigh

IRU44012 Pailéagrafaíocht (5 ECTS):

Cuid thar a bheith luachmhar d'oidhreacht na hÉireann is ea lámhscríbhinní na Gaeilge. Tá Roinn na Gaeilge i bhfoisceacht siúlóid ghearr de mhórchnuasaigh lámhscríbhinní Leabharlann Choláiste na Tríonóide, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar Shráid Chill Dara agus Acadamh Ríoga na hÉireann ar Shráid Dhásain, agus tá na seoda is spéisiúla ar fáil ar líne freisin (ag isos.dias.ie). Nár mhaith leat bheith in ann iad a léamh? Is éasca an cheird a fhoghlaim ach an treoir cheart a fháil. Bainfidh tú taitneamh as na ceardlanna praiticiúla seo, agus is gearr go mbeidh tú i do shaineolaí.

TEAGASC: Rang 1 u/ch gach seachtain. MEASÚNÚ: Scrúdú 1 u/ch ag deireadh an téarma.

Léachtóir: Eoin Mac Cárthaigh

IRU44442 Aistriúchán Gairmiúil (5 ECTS):

Is iomaí sin téacs a d'aistrigh tú le cúpla bliain, ach tá scileanna ar leith ag teastáil le bheith i d'aistritheoir gairmiúil. Sna ceardlanna praiticiúla seo, foghlaimoidh tú slám de na scileanna sin ó aistritheoir gairmiúil a bhfuil na cleasa ar fad aici agus taithí na mblianta ar an gceird.

TEAGASC: Seimineár 2 u/ch gach coicís. **MEASÚNÚ:** Measúnú leanúnach (dhá cheacht bheaga le déanamh ag na mic léinn (2 x 25%) agus scrúdú ranga (50%)).

Léachtóir: Bríd de Staic

**Seo iad na modúil / seimineáir eile a bheidh á dtairiscint don 4ú bliain i 2024/25.
Ní bheidh na modúil seo ar fáil ach dóibh siúd nach bhfuil an t-ábhar eile ar siúl acu sa 4ú bliain (Gaeilge amháin sa 4ú bliain).**

Leathbhliain a hAon	
1. An Ghaeilge i gCló roimh an Athbheochain (5 ECTS): Tá an Ghaeilge le léamh i bhfoirm chlóite ón séú céad déag i leith ach tá cuid mhaith de stair na foilseoireachta Gaeilge nach bhfuil ar eolas ag pobal na teanga. Feictear an Ghaeilge i gcló don gcéad uair i leabhar taistil Sasanach ón mbliain 1542... Bhí leabhair chlóite Ghaeilge á gcur go dtí Meiriceá sa bhliain 1663... Foilsíodh paimfléad faoin nGorta Mór as Gaeilge agus é faoi lánseol... Sa chúrsa seo díreimid ar chuid de scéal na Gaeilge i gcló ón séú céad déag anuas go dtí deireadh an naoú céad déag agus pléifimid na ceisteanna móra a eascraíonn as. Cé a chuir na leabhair seo i gcló? Cén fáth? Cad a insíonn siad dúinn faoin teanga agus lucht a labhartha? TEAGASC: Seimineár 1 u/ch gach seachtain. MEASÚNÚ: 2 x tasc. Ceann i lár an téarma, ceann ag a dheireadh. Léachtóir: Mícheál Hoyne	
2. Cúirt an mheón-oíche (5 ECTS): Ceann de na saothair is greannmhaire agus is conspóidí sa Ghaeilge. Brian Merriman a chum sa bhliain 1780. Beidh tú sna trithí. Ná fág an ollscoil gan é a léamh. TEAGASC: Seimineár 1 u/ch gach seachtain. MEASÚNÚ: Aiste ag deireadh an téarma (c.2,500-3,000 focal) Léachtóir: Eoin Mac Cárthaigh	
3. Filíocht na Fiannaíochta (5 ECTS): Fionn agus Goll, Oisín agus Pádraig, Diarmaid agus Gráinne. Fuil, greann, uaigneas, paisean, deora, grá! Rogha an phobail in Éirinn agus in Albain ar feadh míle bliain. Beidh fhios agat anois cén fáth. TEAGASC: Seimineár 1 u/ch gach seachtain. MEASÚNÚ: Aiste ag deireadh an téarma (c.2,500-3,000 focal) Léachtóir: Eoin Mac Cárthaigh	
4. Dán Díreach 2 (5 ECTS): An bhfuil suim agat sa Dán Díreach? Ar mhaith leat féachaint ar bhunfhoinsí na ndánta agus na scileanna a fhoghlaim is gá chun dánta a thras-scríobh ó na lámhscríbhinní, a thuiscint agus a chur in eagar? Ar shuim leat eolas níos doimhne a chur ar litríocht shaibhir agus ar mheadaracht chasta na Gaeilge Clasaicí? Má tá, dá mba mhaith agus dá mba shuim, beidh an cúrsa idirghníomhach seo foirfe duitse! TEAGASC: Seimineár 1 u/ch gach seachtain. MEASÚNÚ: 2 x tasc. Ceann i lár an téarma, ceann ag a dheireadh. Léachtóir: Mícheál Hoyne	

Leathbhliain a Dó

1.	Litríocht an Bhéaloidis 1 (5 ECTS): Déanfaidh muid iniúchadh agus scagadh ar thábhacht ghnéithe den bhéaloideas i saol ár sinsear. Pléifear ábhair ar nós an pósadh, an bás, sióga, an Gorta, an fharraige, srl. agus an tionchar a bhí acu ar shaol ár sinsear. TEAGASC: Seimineár 1 u/ch gach seachtain. MEASÚNÚ: Aiste ag deireadh an téarma (c.2,500-3,000 focal) Léachtóir: Máire Ní Bháin
2.	Prós na Linne 1 (5 ECTS): Staidéar ar an drámaíocht sa Ghaeilge. Rogha drámaí le drámadóirí éagsúla. TEAGASC: Seimineár 1 u/ch gach seachtain. MEASÚNÚ: Aiste ag deireadh an téarma teagaisc (Sn.12) (c.2,500-3,000 focal). Léachtóir: Pádraig de Paor
3.	Litríocht an Domhain (Na hAistriúcháin Liteartha sa Ghaeilge) (5 ECTS): 'Cruthaíonn scríbhneoirí an litríocht náisiúnta, ach is iad na haistritheoirí a chruthaíonn litríocht an domhain'. Sa mhodúl seo, déantar staidéar ar ghnéithe de shaothar an aistritheora liteartha agus ar an tiontú go Gaeilge a rinneadh ar chlasaicigh liteartha. Cuirfear béim ar thiontú na litríochta do dhaoine óga: <i>Harry Potter; The Hobbit; The Lion, the Witch and the Wardrobe srl.</i> TEAGASC: Seimineár 1 u/ch gach seachtain. MEASÚNÚ: Aiste ag deireadh an téarma teagaisc (Sn.12) (c.2,500-3,000 focal) Léachtóir: Pádraig de Paor
4.	Ficsean Gearr (5 ECTS): Gearrscéalta Mháirtín Uí Chadhain. Léifear scéalta as <i>Máirtín Ó Cadhain: Rogha Scéalta (2014)</i>. Ní mór cóip den téacs a bheith agat. TEAGASC: Seimineár 1 u/ch gach seachtain. MEASÚNÚ: Aiste ag deireadh an téarma teagaisc (Sn.12) (c.2,500-3,000 focal). Léachtóir: Pádraig de Paor

a. FREASTAL

Ní mór do mhic léinn freastal ar léachtaí agus ar ranganna an chúrsa, agus ceachtanna agus aistí an chúrsa a scríobh. Má bhíonn siad faillíoch, féadtar é sin a thuairisciú don Léachtóir Sinsearach, agus má dhéantar é sin ag deireadh an dá théarma sa bhliain chéanna, féadann an Léachtóir Sinsearach cead a dhiúltú dóibh na scrúduithe cinn bhliana a sheasamh. Ní mór do gach mac léinn freastal ar, ar a laghad, **dhá dtrian de na léachtaí** agus na ranganna in aon mhodúil ar leith, agus **dhá dtrian den obair scríofa** a bhaineann le haon mhodúil a dhéanamh leis na pointí creidmheasa a bhaint amach don chúrsa agus le nach measfar an iníon / mac léinn a bheith faillíoch.

b. AISTÍ

Beidh ar na mic léinn, ag brath ar a gcuid roghanna agus a gcuid conairí, roinnt aistí (faoi bhun 3000 focal in gach ceann acu), a scríobh i rith gach téarma. Tá na haistí bunaithe ar an gcéad téarma le tabhairt isteach ar an **19ú Nollaig 2024**. Tá na haistí bunaithe ar an dara téarma le tabhairt isteach ar an **17ú Aibreán 2025**. Tá cóip leictreonach den aiste le cur chuig aisti.gaeilge@tcd.ie. Déanfar socrú ar leith maidir le dátaí do dhaoine a bhfuil Erasmus acu i dtéarma ar leith.

Gearrfar pionós 5% in aghaidh na seachtaine i ndiaidh an spriocdháta agus ní ghlacfar le haiste tar éis an spriocdháta i gceachtar den dá théarma gan cead speisialta ón gCeann Roinne. Go leictreonach amháin a ghlacfar leis na haistí i mbliana. Ní féidir na haistí seo a thabhairt ar ais do na mic léinn faoin ghnáth sprioc toisc gur cuid den chéim iad agus nach mór don scrúdaitheoir seachtrach a bheith in ann iad a scrúdú ag scrúduithe an tsamhraidh.

Aistí – treoir ghinearálta:

Ní mór d'aistí a bheith slachtmhar, soléite agus clóscríofa le spásáil 1.5 no 2 idir na línte agus le dóthain spáis sna himill le haghaidh nótaí srl.

Bíodh argóint leanúnach san aiste agus tús, lár agus deireadh leis an argóint sin. Abair ag an tús cén dearcadh atá agat nó mínigh go cruinn cad tá fút a dhéanamh. Bain úsáid as tagairtí do bhuntéacsanna / sleachta astu le cur ar son na hargóna; bain úsáid as aistriúcháin ar na sleachta sin más gá. Scríobh conclúid ag an deireadh.

Tabhair tagairtí (i bhfonótaí, nó i nótaí deiridh nó idir lúbíní i dtéacs na haiste féin). Bíodh leabharliosta ag deireadh na haiste le tagairtí in ord aibítire de réir shloinnte na n-údar.

Ní miste úsáid a bhaint as tuairimí scoláirí eile má thugann tú le fios go bhfuil sé sin á dhéanamh agat agus má chuireann tú tagairtí ar fáil; is iad do thuairimí féin is tábhachtaí sa mheasúnú, áfach. Ná fág athfhriotal ina ndílleachtaí uaigneacha i lár théacs na haiste; abair rud éigin fúthu agus figh isteach in argóint na haiste iad. Ná déan bradaíl (féach thíos).

Tagairtí:

An córas is fearr ná ‘sloinne + dáta + leathanach’ agus na sonraí a chur ar fáil sa leabharliosta ag deireadh na haiste. Seo sampla dá leithéid:

Mar seo a leanas a mhíníonn Aisling Ní Dhonnchadha an forás sin sa ghearrscéal Gaeilge: ‘Blah, blah, blah’, (Ní Dhonnchadha, 1981, 135-6).

Sa liosta leabhar ag deireadh na haiste, bíodh sé, i gcás leabhair, mar seo :

Ní Dhonnchadha, A. (1981): *An Gearrscéal sa Ghaeilge*.

Agus i gcás ailt acadúil i leabhar:

Ó Háinle, C (1978): ‘Gnéithe d’ealaín Phádraic Uí Chonaire’, *Promhadh Pinn* (lgh. 22 – 31).

c. MIONTRÁCHTAS

Tá ar gach iníon/mac léinn a dhéanann rogha den Nua-Ghaeilge sa cheathrú bliain miontráchtas a scríobh trí mheán na Gaeilge. Tuairim is 10,000 focal is cóir a bheith sa scríbhinn. Ní mór dóibh ball d’fhoireann teagaisc na Roinne a roghnú chun an miontráchtas a scríobh faoina stiúir agus ábhar an mhiontráchtas a aontú leis/léi, agus ní mór dóibh ainm an bhall foirne sin agus ábhar an mhiontráchtas a chur in iúl do Cheann Roinn na Gaeilge roimh lár Théarma na Féile Michíl sa cheathrú bliain.

Ní mór an miontráchtas a thabhairt isteach ar nó roimh an **Aoine 24 Márta 2025** (seachtain a 9 sa dara téarma). Gearrfar pionós 5% in aghaidh na seachtaine ina dhiaidh sin agus ní ghlacfar le haiste tar éis Aoine seachtain 12 (deireadh am dara téarma teagaisc) gan cead speisialta ón gCeann Roinne. Ní mór don mhac / iníon léinn an aiste a thabhairt don Rúnaí agus foirm oifigiúil ceangailte leis. Ní féidir an tráchtas a thabhairt ar ais do na mic léinn faoin ghnáth sprioc toisc gur cuid den chéim é agus nach mór don scrúdaitheoir seachtrach a bheith in ann é a scrúdú ag scrúduithe an tsamhraidh.

TREOIR BHREISE MAIDIR LEIS AN TRÁCHTAS:

Fad: 10,000 focal an treoirt a leagtar síos d’fhad an tráchtas. Bheadh thart ar 500 focal ar aon leathanach (A4) clóscríofa le spásáil 1.5 ar na línte. Fiche leathanach den chineál sin mar sin a bheadh ag teastáil. Ní áirítear athfhriotal anseo.

Ní mór machnamh a dhéanamh i dtosach ar an ábhar nó ar an gcorp litríochta a bheidh á phlé agat. Nuair atá a fhios agat cad a theastaíonn uait a dhéanamh breac síos nótaí agus déan iarracht **struchtúr** a chur leis. Beidh sé seo á athrú agat agus an tráchtas á scríobh, ach ní miste sin. Is mór is fiú an obair seo a dhéanamh sula dtosaíonn tú ag scríobh. Meabhraigh: tús maith leath na hoibre!

Bíodh **tús** (réamhrá), **lár** (an corp féin) agus **deireadh** (conclúid) leis an tráchtas (chomh maith le **fonótaí** tagartha agus **leabharliosta**). Mínigh sa réamhrá cad é a chuir tú romhat a dhéanamh agus léirigh go hachomair don léitheoir cén t-ord atá curtha agat ar an ábhar i gcorp an tráchtas (caibidil 1..., caibidil 2 ... srl). Meabhraigh go bhfuil dea-thoil an léitheora (nó an scrúdaitheora) ag teastáil uait; má mhíníonn tú dó/di go beacht cad tá á dhéanamh agat, cad chuige, agus cén leagan amach atá curtha agat ar a bhfuil á rá agat beidh an dea-thoil sin agat, agus ní beag sin. Bíodh achoimriú sa chonclúid an na príomhargóintí atá déanta agat sa tráchtas.

Tá **slacht** an leagain amach tábhachtach agus ba chóir go mbeadh a bhfuil le rá agat soléite agus sothuigte. Is é **feabhas na n-argóintí** a dhéanann tú sa tráchtas, áfach, an rud is tábhachtaí agus an rud is mó a bhfuil suim againn ann. Chuige sin ní mór duit dianmhachnamh a bheith déanta agat ar an ábhar atá idir lámha agat. Ná caill dea-thoil agus aird an léitheora ar do chuid argóintí le droch-Ghaeilge. Tá líofacht stíle tábhachtach ach níos tábhachtaí fós ná sin tá **cruinneas teanga**. Má tá botúin ann beidh marc dearg fúthu sula sroicheann an tráchtas an scrúdaitheoir seachtrach, agus bíodh is go mba mhian linn feabhas tráchtas a thomhas ar bhonn na n-argóintí, ní cheadófaí marc ard a bhronnadh ar thráchtas a bheadh breac le botúin. Bain úsáid as an ngramadach agus as an bhfoclóir. Is chuige sin atá siad ann.

Tabhair **aire don phoncaíocht**. Ní bhíonn spás roimh phoncaíocht ach ina dhiaidh; eisceacht is ea an uaschamóg a osclaíonn athfhriotail, mar seo a leanas: ‘Is bocht an scéal é’, dúirt sé. Díreach i ndiaidh an fhocail roimhe, gan spás, a thagann an chamóg (,), an t-idirstad (;), an leathstad (:) agus an lánstad (.).

Múch an clár sa ríomhaire a cheartaíonn uaidh féin an rud a scríobhann tú (‘self-correct’). Muna ndéanann tú é sin beidh I in áit i agat ar fud na háite, agus is fuath le gach uile scrúdaitheoir a leithéid.

Bíodh córas amháin agat le **tagairtí** a dhéanamh d’obair daoine/scoláirí eile. An córas is fearr ná ‘sloinne + dáta + leathanach’ agus na sonraí a chur ar fáil sa leabharliosta ag deireadh an tráchtas. Seo sampla dá leithéid:

Mar seo a leanas a mhíníonn Eoin Mac Cárthaigh an forás sin sa Ghaeilge Chlasaiceach: ‘Blah, blah, blah’, (Mac Cárthaigh, 2003, 135-6).

Sa liosta leabhar beidh sé seo:

Mac Cárthaigh, E. (2003): ‘Lúireach Chríod fan gCalbhach Ruadh’, *Celtica* 24, 130-9.

Bain úsáid as **fonótaí** nó nótaí deiridh (‘footnotes/endnotes’ sa ríomhaire) chun tagairtí a chur ar fáil. Is fearr i bhfad é sin ná iad a bheith i gcorp an tráchtas. Leag amach an **leabharliosta** in ord aibíteach de réir shloinnte na n-údar.

Meabhraigh nach miste úsáid a bhaint as **tuairimí scoláirí eile** má thugann tú le fios cé leis iad (féach thuas), ach ná bíodh an tráchtas breac leo. Ba chóir d’aon athfhriotail a bheith **ina chuid d’argóint**, bíodh tú ag tacú leis nó ag diúltú dó nó á úsáid mar shampla. Ná bíodh an t-athfhriotail ina dhílleachta san alt. Abair rud éigin faoi nó figh isteach san argóint é. Más gá, aistrigh é. Ná déan **bradaíl** ar thuairimí scoláire eile. Níl aon rogha ag an Roinn ach a leithéid a chur ara shúile don léachtóir sinsearach. Is ionann bradaíl sa saol scolártha agus gadaíocht, agus leanann pionós é.

Léigh an tráchtas ar fad nuair atá sé scríofa agat agus ceartaigh aon bhotún a fheiceann tú ann. Bí ag faire amach don athrá freisin. Is minic a leithéid ag sleamhnú isteach i ngan fhios dúinn. Má tá **aistriúchán** déanta agat léigh go cúramach é. Ba chóir go mbeadh sé intuigthe gan aon tagairt don bhuntéacs. Muna bhfuil, níl éirithe leat é a aistriú.

Ná bíodh aon eagla ort roimh thráchtas. Aiste fhada atá ann agus tá taithí agat cheana ar aistí a scríobh. Céad marc atá ag dul don tráchtas as 1,000 san iomlán; 650 sa cheathrú bliain agus 350 sa tríú bliain. Is tábhachtaí i bhfad na scrúduithe ó thaobh marcanna de ach is scoláireacht de chineál eile ar fad an tráchtas a thugann deis duit a thaispeáint a fheabhas agus atá tú gan strus na scrúduithe ag cur isteach ort. **Bain taitneamh as!**

d. BRADAÍL SCOLÁIREACHTA

Moltar do gach mac/iníon léinn polasaí na hollscoile i dtaobh **Bhradaíl Scoláireachta** ("Plagiarism") a léamh go cúramach. Gheofar an polasaí sin i bhFéilire na hollscoile (*The University of Dublin Calendar 2024-2025*, General Regulations and Information, cóip de na leathanaigh cuí thíos). Is éard is bradaíl scoláireachta ann, saothar nó tuairimí duine eile (mac léinn nó scoláire) a chur faoi bhráid na hollscoile mar shaothar/thuairimí de do chuid féin (.i. gan foinse an tsaothair/na dtuairimí sin a lua, is gan aitheantas cuí a thabhairt don té ar leis/léi iad). Ní mór do Roinn na Gaeilge rialacha na hollscoile a chur i bhfeidhm i gcás mar sin.

Tá an cúrsa ar líne 'Ready Steady, Write' **le comhlíonadh ag gach mac léinn** agus beidh dearbhú ina leith sin le síniú ag gach mac léinn agus obair scríofa á cur isteach acu (ar fáil ag <http://tcd-ie.libguides.com/plagiarism/ready-steady-write>).

e. GRÁID:

I	70%-100%	freagra/aiste den chéad scoth
II.1	60%-69%	freagra/aiste an-mhaith
II.2	50%-59%	freagra/aiste mhaith
III	40%-49%	freagra/aiste shásúil
F1	30%-39%	freagra/aiste mhíshásúil (teip)
F2	0%-29%	freagra/aiste an-lag (teip)

Is iad seo a leanas na critéir a chuirtear san áireamh sa mheasúnú:

Aiste:	feabhas na n-argóintí, cur i láthair (féach thíos), leithne léitheoireachta, cruinneas teanga, líofacht stíle, saibhreas foclóra, cruinneas litrithe.
Aistriúchán:	dílseacht don bhuntéacs, cruinneas teanga, líofacht stíle, saibhreas foclóra, cruinneas litrithe.
Anailís:	cruinneas na hanailíse, saibhreas sonraí; an anailís a bheith ag teacht leis an aistriúchán.

f. DUAISEANNA

(i) **Duais an Leas-Seansailéara:** bronnar duaiseanna (nach fiú níos mó ná €80 an ceann iad) ar an té is fearr aiste a scríobh agus ar an té is fearr dán a chumadh ar theidil a fhoilseofar ag tús na bliana acadúla. Ní mór na hiarrachtaí a chur chuig an Léachtóir Sinsearach roimh 1 Nollaig, 2024.

(ii) **Duais Chuimhneacháin Ferguson:** Bronntar an duais seo (ar fiú €1,500 í) ar an té is fearr aiste taighde a scríobh ar ghné de fhorbairt na Gaeilge nó ar fhoinsí litríochta na Gaeilge, nó is fearr téacs a chur in eagar. Gach tríú bliain a bhronntar an duais seo agus is i 2017 a bhronnfar í den chéad uair eile. Ní mór na hiarrachtaí a chur chuig an Léachtóir Sinsearach roimh 17 Márta, 2026.

Foinsí úsáideacha: Acadúil

- An Leabharlann – féach www.tcd.ie/library le teacht ar an gcatalóg
- www.tearma.ie – foclóir téarmaíochta ar-líne, foinse maith do théarmaí nua-aoiseacha, ach bheadh gá le Ó Dónaill / de Bhaldraithe don ghnáth-fhoclóir laethúil (www.focloir.ie agus www.teanglann.ie).
- www.edil.ie eDil – Dictionary of the Irish Language, leagan in chuardaigh ar-líne, úsáideach do lucht na Luath-Ghaeilge go háirithe.
- Gaeilge na hAlban: Féach www.smo.uhi.ac.uk agus www.bbc.co.uk/scotland/alba le teacht ar ábhar bhreise.

Foinsí Úsáideacha: Saol an Choláiste

Do thiúitéir: Is é/í do thiúitéir nó d'oide an nasc idir tú agus oifigí an Choláiste. Má bhíonn nótaí tinnis agat, fadhbanna pearsanta nó fadhbanna acadúla, cuirfidh an tiúitéir tacaíocht ar fáil duit ar bhonn rúnda.

Féach www.tcd.ie/Senior_Tutor/your_tutor le teacht ar thuilleadh eolais.

Comhairleoireacht: Tá comhairleoirí ar fáil sa Choláiste le cuidiú le mic léinn ar bhealaí éagsúla, nuair a bhíonn deacrachtaí pearsanta nó deacrachtaí acadúla acu.

Féach www.tcd.ie/Student_Counselling le teacht ar thuilleadh eolais.

Agus féach <http://student2student.tcd.ie/> le treoir níos ginearálta a fháil ó mhic léinn eile sa choláiste. Pléann an dá dhream seo le réimse leathan ábhar; strus, aistí a scríobh (in am!), líonn dubh, nótaí a ghlacadh, srl.

Seirbhísí do mhic léinn le míchumais: Cuireann an oifig seo tacaíocht agus réimse seirbhísí ar fáil do mhic léinn a bhfuil míchumas de chineál ar bith acu, agus dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí foghlama acu. Féach an suíomh www.tcd.ie/disability/ le teacht ar eolas eile.

An tSeirbhís Ghairmthreorach: Is í Orlaith Tunney an príomhdhuine a bhíonn ag plé le mic léinn i Roinn na Gaeilge.

Féach www.tcd.ie/careers/ le teacht ar aon eolas eile.

Aontas na Mac Léinn: Cuireann Aontas na Mac Léinn réimse seirbhísí ar fáil, idir seirbhísí leasa an mhic léinn agus cúrsaí siamsaíochta. Féach www.tcdsu.org.

An Cumann Gaelach: Eagraíonn an Cumann céilithe, grúpaí amhránaíochta, ranganna rince seite, bunranganna Gaeilge d'eachtrannaigh, deirí seachtaine as baile agus Féile mhór na hÉigse. Féach www.cumann.ie

Oifig na Gaeilge: Tá Oifig na Gaeilge ann chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa Choláiste, i measc na foirne agus i measc na mac léinn. Cuireann an Oifig seirbhísí agus eolas ar fáil do phobal an Choláiste – scéimeanna cónaithe Gaeilge na mac léinn ina measc. www.tcd.ie/gaeloifig

I gcás éigeandála, tá Seirbhísí Slándála an Choláiste ar fáil ar x1999 (01 896 1999).

Tá cur síos ar an gCóras ECT (European Credit Transfer and Accumulation System = ECTS) i Lámhleabhar na Scoile.

Eolas faoi 'Bhradaíl Liteartha' faoi mar atá leagtha síos i bhFéilire an Choláiste (**Calendar Statement on Plagiarism for Undergraduates - Part II, 82-91**)

<https://www.tcd.ie/calendar/undergraduate-studies/general-regulations-and-information.pdf#plagiarism>

Agus faoi na himpleachtaí a bhaineann le bradaíl: <http://tcd-je.libguides.com/plagiarism/levels-and-consequences#s-lg-box-wrapper-9089155> Féach tuilleadh eolais i Lámhleabhar na Scoile.